

CEAHT 1

Réamheolas ar Cheardchumann



Ceacht 1

Réamheolais ar Cheardchumann

Ábhar: Stair

Snáithe: Polaitíocht, Coimhlint agus an tSochaí

Snáithaonad: Éire, an Eoraip agus an Domhan, 1960 go dtí an lá atá inniu ann.

Cuspóirí Foghlama:

Cuirfear ar chumas an linbh:

- dearcadh, creidimh, inspreagadh agus gníomhartha daoine aonair agus grúpaí éagsúla san am atá thart a iniúchadh, a phlé, a chur i gcomparáid agus tuiscint shimplí orthu a fhorbairt;
- léargas a fháil ar dhearcadh agus ar ghníomhartha daoine in Éirinn na linne;
- tuiscint a bhíonn ag fás a fhorbairt maidir le féiniúlachtaí pearsanta, náisiúnta, Eorpacha agus níos leithne.

Acmhainní:

- Cur i láthair PowerPoint 1 – *Míniú ar Cheardchumann*.
- Clár bán agus marcóir / Smeach-chairt
- Féach ar nótaí sleamháin thíos

Réamhrá:

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun foghlaim faoi cheardchumann agus go mbeidh béim ar cheardchumann in Éirinn go háirithe – conas a oibríonn siad agus cad a dhéanann siad.

Scríobhfar an focal “**CEARDCHUMANN**” ar smeach-chairt / ar chlár bán chun tús a chur le tobsmaointeoireacht ar bhrí an téarma sin. Déanfar an ghníomhaíocht seo i gcomhthéacs an ranga uile. Tabharfaidh na daltaí a gcuid smaointe ar a gceapann siad atá i gceist le ceardchumann agus cad a dhéanann sé. Cuirfear a gcuid smaointe leis an taispeántas.

Pléifear mínte na ndaltaí agus cuirfear in iúl gur meitheal é ceardchumann a bhfuil aidhmeanna agus ábhair spéise coiteanna ann.

Forbairt:

Déanfaidh an múinteoir an PowerPoint a chur i láthair, míniú a thabhairt ar a bhfuil ann agus ceisteanna a chur ar na leanaí faoin tuiscint atá acu ar a bhfuil ann agus faoina dtuairimí ina leith. Féach an Treoir Acmhainní a ghabhann leis seo ina dtugtar cuntas mionsonraithe ar ábhar an taispeántais PowerPoint mar aon le leideanna agus moltaí do cheisteanna chun an t-ábhar a phlé agus a iniúchadh.

Spreagfaidh sé sin plé chun a dtuiscint ar cheardchumann agus ar a ról a fheabhsú. D'fhéadfaí na ceisteanna spreagthacha seo a leanas a úsáid:

- Cad iad na haidhmeanna a bhíonn ag ceardchumann, dar leat?



- Conas is féidir le ceardchumann spriocanna den sórt sin a bhaint amach, dar leat?

Taispeáin stór focal nua ar Bhalla Focal. Beidh sé sin ina acmhainn úsáideach (forásach) don tsraith ceachtanna seo atá bunaithe ar cheardchumann.

Gníomhaíocht:

Fiafraigh de na daltaí an bhfuil aithne acu ar aon duine atá i gceardchumann.

Mínigh go bhfuil tú féin i gceardchumann ar a dtugtar Cumann Múinteoirí Éireann. Labhair faoi Chumann Múinteoirí Éireann/CMÉ (is féidir na nótaí thíos a úsáid) agus spreag na daltaí le ceisteanna a chur faoin gceardchumann.

Tugtar deis do na daltaí ceisteanna a chur ar an múinteoir faoin gCeadchumann a bhfuil sé nó sí ann.

Mar thús, labhróidh an múinteoir faoi chúlra Chumann Múinteoirí Éireann.

- An ceardchumann múinteoirí is sine agus is mó in Éirinn, a bhí 150 bliain ar an bhfód in 2018
- Bunaithe ag Vere Foster in 1868
- 45,881 ball (mí na Nollag 2018)
- Baill as Poblacht na hÉireann agus as Tuaisceart Éireann ann
- Tá Oileán na hÉireann roinnte ina 16 Cheantar. Toghann gach Ceantar ionadaí chun suí ar an Lárchoiste Feidhmiúcháin agus ar Choistí Náisiúnta eile
- Cuirtear gach scoil le ceann amháin den 180 craobh atá san Eagraíocht. Nuair a théann ball isteach i CMÉ, déantar ball den chraobh é nó í lena bhfuil baint ag a scoil.
- Tionóltar an Chomhdháil Bhliantúil um Cháisc atá mar ardchomhlacht rialaithe na hEagraíochta. An Chomhdháil Bhliantúil (nó Comhdhálacha Speisialta a d'fhéadfaí a ghairm ó am go ham má thagann saincheist phráinneach chun cinn) a chinneann beartas na heagraíochta.
- Ba chóir don mhúinteoir roinnt samplaí d'fhoilseacháin ó CMÉ a chur ar fáil –
 - [An Iris InTouch](#)
 - [10 gcúis le dul isteach i CMÉ](#)
 - [Pleanáláí Scoilbhliana CMÉ](#)

Is féidir le daltaí ceisteanna a chur, mar shampla...

- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach a bheith i do bhall de CMÉ?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh ar roinnt feachtas nó clár a raibh do cheardchumann páirteach iontu?
- Má bhíonn fadhb agat nó má theastaíonn comhairle uait conas a théann tú i dteagmháil le do cheardchumann?
- Cad é atá i ndán do ghluaiseacht na gceardchumann, i do thuairim féin?
- Cad iad na hathruithe ba mhaith leat a fheiceáil i ngluaiseacht na gceardchumann sna cúig bliana nó sna deich mbliana atá romhainn?

Clabhsúr:

Iarr ar na daltaí dhá rud a scríobh amach a d'fhoghlaim siad faoi ról ceardchumann agus faoin obair a dhéantar ann.



Measúnú:

- Breathnóireacht Múinteora.
- Ceisteanna Tuisceana.

Nascadh agus Comhtháthú Molta:

- Béarla – Teanga Labhartha; plé ar na buntáistí a bhaineann le ballraíocht i gceardchumann.

Léamhthuiscint: bí ag faire amach d'ailt sna nuachtáin náisiúnta a bhaineann le cúrsaí Ceardchumann.

Scribhneoireacht: suirbhé / ceistneoir; cruthaigh bileoga “10 gcúis mhaith le dul isteach i gCeardchumann”

- Gaeilge: [Slíte beatha/gairmeacha beatha](#)
- Matamaitic – Sonraí (suirbhé a dhéanamh agus torthaí a chur i dtoll a chéile).
- OSPS – Mise agus an Domhan Mór, Oideachas na Meán
- Na hAmharc-Ealaíona – Líníochtaí a Dhéanamh, Péinteáil (e.g. lógónna nó póstaer a chruthú do Cheardchumann).
- Drámaíocht – Rianú smaointe / Diancheistiú (Cén fáth ar cheart dom dul isteach i gceardchumann?)

Nótaí Slemahnáin (PowerPoint)

Sleamhnán 1

Déanaimis plé ar an teideal "Ceardchumann".

Déanfaidh daltaí ransú smaointe ar aon eolas atá cheana acu a bhaineann leis an ábhar seo.

Sleamhnán 2

“Ní neart go cur le chéile”

Agus an sleamhnán seo ar taispeáint, féachfaidh na daltaí ar phictiúr dubh agus bán de ghrúpa oibrithe ón am atá thart agus tabharfaidh siad freagairt ina leith. Tá na focail "Unity is Strength" ar an mbratach taobh thiar den ghrúpa.

Déanfaidh na daltaí plé ar an mana seo chomh maith le teacht ar chásanna eile a thugann údar don mhana seo. Cad iad na cásanna ina mbíonn sé tairbheach a bheith ag obair le chéile? Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith ag obair le chéile mar ghrúpa?

Sleamhnán 3

Oibrithe ó Tesco

Ar an sleamhnán seo, tá íomhá le feiceáil de bhaill foirne ó Tesco agus iad ar stailc, bratach á léiriú agus na focail “*fighting for decent jobs and fairness*” uirthi.



Glacfaidh na daltaí páirt i bplé bunaithe ar na cúiseanna a bhfuil gá le “cothroime” agus leis an gcomhionannas.

- Cén fáth nach mór d’fhostóir a chinntiú go gcaitear go cothrom le gach oibrí?

- Labhair faoi thimpeallacht na scoile – conas a chinntíonn príomhoidí agus múinteoirí go gcaitear go cothrom le gach duine? Cad a tharlaíonn má bhraitheann dalta go bhfuiltear i ndiaidh caitheamh go héagórach leo?

- An bhfaca siad ‘stailc’ riamh (taispeántas cosúil leis an gceann sin ar an sleamhnán)? Cén áit? Cén uair? Cad atá ar eolas acu faoin gcás / toradh?

Sleamhnán 4

Míneoidh an múinteoir brí an téarma ‘Ceardchumann’ do na daltaí ansin.

Sleamhnán 5

Tá raon lógónna de chuid Cheardchumainn na hÉireann ar an sleamhnán seo.

Iarrfar ar dhaltaí lógónna ar bith a aithníonn siad a ainmiú.

Seans go mbeidh cuid de na daltaí in ann ceardchumainn, siombailí nó lógónna eile a ainmiú nó cur síos a dhéanamh orthu (atá feicthe acu sna meáin nó a bhfuil siad ar an eolas fúthu mar gheall ar bhaill teaghlaigh a bhfuil baint acu le ceardchumann).

Sleamhnán 6

Ba chóir don mhúinteoir aird na ndaltaí a tharraingt ar an bpictiúr de *Bunrecht na hÉireann* agus an tábhacht a bhaineann leis a mhíniú dóibh.

Tá sé de cheart ag fostaithe dul isteach i gceardchumann, mar atá leagtha amach sa *Bhunrecht*. Tá sé de cheart ag gach oibrí dul isteach ina rogha ceardchumann agus tá sé de cheart aige ceardchumann a fhágáil. Ní féidir fostaí a bhriseadh as a phost toisc go bhfuil sé ina bhall de cheardchumann.

Sleamhnán 7

Léirítear ar an sleamhnán seo cuid de na príomhréimsí a bhfuil baint ag ceardchumann leo.

Ba chóir don mhúinteoir tuiscint na ndaltaí ar an téarma ‘caibidlíocht’ a spreagadh agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn ceardchumann páirteach sa phlé ar réimse saincheistanna chun dálaí dearfacha oibre a chruthú do na baill (m.sh. tuarastal, áiseanna, saoire, srl.)

Sleamhnán 8

Tá físteachtairacht do dhaltaí ar an sleamhnán seo ó Ard-Rúnaí Chomhdháil na gCeardchumann, Patricia King, chun réamheolas a thabhairt dóibh faoin tsraith ceachtanna ar cheardchumann. Is í Comhdháil na gCeardchumann (ICTU) an comhchomhlacht ionadaíoch do cheardchumann in Éirinn – thuaidh agus theas.

Sleamhnán 9

Ar an sleamhnán seo, tugtar breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le dul isteach i gceardchumann. Ba chóir don mhúinteoir labhairt leis an rang faoi na gnéithe dearfacha sin den bhallraíocht i gceardchumann agus fiafraí dóibh an bhfuil aon phointí breise ag na daltaí le cur leis an liosta.

Sleamhnán 10



Míneoidh an múinteoir brí an téarma ‘gníomhaí’. Is gníomhaí é ball aonair de cheardchumann a ghlacann páirt in obair a cheardchumainn, é ag tosú amach san ionad oibre áitiúil.

Déanann gníomhaithe i gceardchumann:

Comhoibrithe a spreagadh le dul isteach i gceardchumann

Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do bhaill

Tuairimí agus ábhair inní na mball a chur in iúl don bhainistíocht

Caibidlíocht a dhéanamh faoi athruithe ar dhálaí oibre agus ar chleachtais oibre

Sleamhnán 11

Pléigh brí an téarma ‘ionadaí ceardchumainn’.

Míneoidh an múinteoir ról agus dualgais an duine sin.

Sleamhnán 12

Tar éis dóibh ról an ionadaí ceardchumainn a phlé, iarrfar ar na daltaí na saintréithe agus na scileanna a lua a cheapann siad a bheadh ag ionadaí ceardchumainn.

m.sh. Cad iad na scileanna a bheadh ag captaen? Cad iad na scileanna ba cheart a bheith ag ionadaí éifeachtach ceardchumainn?

Sleamhnán 13

Labhair faoin téarma Cómhargáil.

Tá an chómhargáil ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí do cheardchumainn agus dá n-ionadaithe. Is próiseas é trína ndéanann ceardchumainn comhchaibidlíocht le fostóirí ar chomhaontuithe a dhéanann difear do gach oibrí. Tá sé tábhachtach mar go mbíonn seasamh margála grúpa oibrithe i bhfad níos láidre ná seasamh duine aonair.

Is sampla é sin de “ní neart go cur le chéile” – bíonn cumhacht i bhfad níos láidre ag baint le roinnt guthanna ag obair le chéile ná a bhíonn ag daoine aonair atá ag iarraidh pointe a chur in iúl.

Iarrfar ar dhaltaí é sin a chur i gcomparáid lena dtaithe féin (ar fhoirne spóirt, i gcluichí sa chlós súgartha, teacht ar réiteach má bhíonn easaontais ann lena siblíní, srl.)

Sleamhnán 14

Sleamhnán deiridh - an cheist deiridh – Cad atá foghlamtha againn?

Iarrfaidh an múinteoir ar na daltaí athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas nua atá foghlamtha acu le linn an cheachta. (Is féidir iad sin a thairfeadh ar chlár bán / ar smeach-chairt agus is féidir tagairt a dhéanamh dóibh i gceachtanna ina dhiaidh)

